2025/1472

19.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1472 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/1471 an 18 Iúil 2025 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 18 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CFSP) 2025/1471, lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/1461 ([4]).

(4) Le Cinneadh 2012/642/CBES, cuirtear toirmeasc ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a dhíol leis an mBealarúis, a sholáthar di, a aistriú chuici nó a onnmhairiú chuici. Le Cinneadh (CBES) 2025/1471 cuirtear toirmeasc breise ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a sholáthar ón mBealarúis.

(5) Chun éifeachtacht na mbeart sriantach a fhorchuirtear mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a neartú, is gá aghaidh a thabhairt ar an riosca go rachfaí timpeall ar na bearta sin trí onnmhairí indíreacha trí thríú tíortha. D'fhéadfadh earraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn Va rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó lena hearnáil cosanta agus slándála a fhorbairt, lena n-áirítear nuair a onnmhairítear iad ar mhaithe leo a bheith beartaithe le haghaidh úsáid deiridh shibhialtach, mar dhea. Cumhdaítear le toirmeasc ar onnmhairí indíreacha earraí a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a onnmhairiú, lena n-áirítear trí thríú tír. Ba cheart do na húdaráis inniúla gníomhaíocht choisctheach thráthúil a dhéanamh i gcás inarb ann don riosca inchreidte go ndéanfaí na hearraí sin a onnmhairítear chuig tríú tíortha a atreorú chuig an Bhealarúis ar deireadh. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2025/1471 cuirtear sásra riaracháin roghnach ar fáil do na Ballstáit lena gcuirtear ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta réamhúdarú a éileamh maidir le honnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn Va chuig aon tríú tír, i gcás inar cuireadh in iúl don onnmhaireoir go bhfuil cúis leordhóthanach ann le bheith in amhras go bhféadfadh ceann scríbe deiridh na n-earraí a bheith sa Bhealarúis nó go bhféadfadh úsáid deiridh na n-ítimí a bheith d'eintitis na Bealarúise. Níl sé i gceist leis an mbeart sin srian ginearálta nua a fhorchur ach uirlis éifeachtach chomhréireach a thabhairt do na Ballstáit lena bhféadfar aon teacht timpeall a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na bearta sriantacha a imscrúdú agus a chosc, agus léirmhíniú comhchuibhithe agus soiléireacht dhlíthiúil á n-áirithiú d'onnmhaireoirí ag an am céanna. Leis an mbeart seo, ba cheart nach ndéanfaí difear do raon feidhme chlásal an toirmisc ar onnmhairiú indíreach. Is faoi rogha na mBallstát atá sé a chinneadh an bhfuil an beart sin nó an clásal maidir le toirmeasc indíreach ar onnmhairiú le cur i bhfeidhm mar shásra forfheidhmithe i gcásanna ina bhféadfadh ceann scríbe deiridh na n-earraí a bheith sa Bhealarúis nó ina bhféadfadh úsáid deiridh na n-earraí a bheith d'eintitis na Bealarúise.

([1]) IO L, 2025/1471, 19.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1471/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).
([3]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).
([4]) IO L, 2025/1461, 19.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1461/oj.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2025/1471 leathnaítear go toirmeasc ar idirbhearta an toirmeasc atá ann cheana seirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar d'institiúidí creidmheasa áirithe ón mBealarúis agus dá bhfochuideachtaí Bealarúiseacha, atá ábhartha do chóras airgeadais na Bealarúise agus atá faoi réir bearta sriantacha atá forchurtha ag an Aontas cheana féin. Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2025/1471 cuirtear leis díolúintí a bhaineann le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis, agus, le hidirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh Ballstáit ar cónaitheoirí iad sa Bhealarúis. Cuirtear maolú leis freisin maidir le hidirbhearta a bhfuil géarghá leo le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh. Meabhraítear nach bhfuil éifeacht sheach-chríochach ag bearta sriantacha an Aontais agus nach gcuireann siad ceangal ar oibreoirí atá corpraithe faoi dhlíthe tríú tíortha, lena n-áirítear dlíthe na Bealarúise. Dá bhrí sin, gan dochar d'Airteagal 8i de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ní cháilíonn idirbhearta idir daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a bhfochuideachtaí i dtríú tíortha mar shárú ar an toirmeasc sin, lena n-áirítear má tá baint ag institiúidí creidmheasa nó airgeadais atá faoi réir an toirmisc le hidirbhearta den sórt sin. Tá na díolúintí agus an maolú in Airteagal 1zb de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 gan dochar don toirmeasc ar oibreoirí san Aontas seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(7) Aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin arna eisiúint in imeachtaí seachas iad sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, níor cheart do na Ballstáit, agus urraim chuí á tabhairt dá n-oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme, iad a aithint ná a fhorfheidhmiú. Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach an chlásail neamhnaithe éilimh a mheas mar bheartas poiblí an Aontais agus na mBallstát chun críocha dámhachtainí eadrána nó cinntí breithiúnacha nó riaracháin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Mar thoradh air sin, má aithníonn nó má fhorfheidhmíonn na Ballstáit urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin a eisíodh le linn imeachtaí seachas imeachtaí sna Ballstáit de bhun nó a dhíorthaítear ó imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát a bhféadfadh sásamh aon éileamh i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bheith mar thoradh orthu, ba cheart a mheas gur sárú é sin ar bheartas poiblí an Aontais agus na mBallstát. Ba cheart don fhoráil sin a bheith gan dochar don oibleagáid atá ar Bhallstát páirt a ghlacadh in imeachtaí a thionscnaítear ina choinne agus é féin a chosaint in imeachtaí a thionscnaítear ina coinne agus a iarraidh go n aithneofar agus go bhforfheidhmeofar dámhachtain lena ndeonaítear aisíocaíocht costas dóibh.

(8) Cé go bhfuil toirmeasc ar shásamh éileamh i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, lena n áirítear in imeachtaí um réiteach lasmuigh den chúirt, tá fianaise ann a thugann le fios go bhféachann nó go bhféadfadh sé go bhféachfadh daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha nó daoine, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú thar ceann ceann amháin de na daoine, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha sin, nó atá faoi úinéireacht nó faoi rialú na ndaoine, na n eintiteas nó na gcomhlachtaí sin, le himeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh agus a shaothrú ar bhonn mí-úsáideach lasmuigh den Aontas, i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó go bhféachann siad, nó go bhféadfadh sé go bhféachfadh siad, le haitheantas nó forfheidhmiú dámhachtainí eadrána a fháil go neamhdhleathach, ar dámhachtainí iad arna ndeonú trí na himeachtaí mí-úsáideacha sin um réiteach díospóidí. Is gá, dá bhrí sin, é a chur ar a chumas na n-údarás inniúil nó an Aontais, i gcás inarb infheidhme, aon damáiste a rinneadh, lena n áirítear costais dlí agus costais arna dtabhú i gcás neamhchomhlíonadh na dámhachtana eadrána ag an bpáirtí eile, a aisghabháil in imeachtaí os comhair cúirt de chuid Ballstáit ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin agus ó dhaoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, mar thoradh ar réiteach díospóide idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ar choinníoll gur feidhmíodh gach leigheas dlí atá ar fáil sa dlínse ábhartha. Ba cheart do na húdaráis inniúla damáistí den sórt sin a aisghabháil i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gnáthrialacha an dlí idirnáisiúnta.

(9) I gcás ina mbeidh ar Bhallstáit dul i ngleic le dámhachtainí eadrána a tugadh ina gcoinne in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i ndáil le bearta arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ba cheart dóibh aon agóid atá ar fáil dóibh a agairt in imeachtaí intíre nó eachtracha chun dámhachtainí den sórt sin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Áirítear leis sin an agóid a chur isteach go mbeadh aithint nó forfheidhmiú na dámhachtana contrártha do bheartas poiblí na tíre ina n-iarrtar aithint agus forfheidhmiú, de bhun Choinbhinsiún 1958 maidir le Dámhachtainí Eadrána Eachtracha a Aithint agus a Fhorfheidhmiú.

(10) Ba cheart cur i bhfeidhm fhoráil forum necessitatis a leathnú chuig Airteagal 8l.

(11) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/1461 cuirtear eintiteas nua le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir srianta maidir le húdaruithe chun earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, agus earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála.

(12) Le Cinneadh (CBES) 2025/1471 meastar gur iomchuí liosta na n-earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála a leathnú trí earraí a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus earraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh chórais mhíleata na Bealarúise, lena n-áirítear réamhtheachtaithe ceimiceacha ábhar fuinneamhachais, páirteanna spártha le haghaidh meaisín-uirlisí, meaisíní breise um ríomhrialú uimhriúil (CNC) agus ceimiceáin ar cuid de thiomántáin iad a chur leis.

(13) Le Cinneadh (CBES) 2025/1471 meastar gurb iomchuí liosta na n-earraí atá faoi srianta ar onnmhairiú a leathnú, ar earraí iad a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, amhail innealra, ceimiceáin agus miotail agus plaistigh áirithe. Chun an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha a laghdú, le Cinneadh (CBES) 2025/1471, meastar gur iomchuí liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta atá faoi réir an toirmisc ar idirthuras trí chríoch na Bealarúise a leathnú.

(14) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát iad.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar seo a leanas:

(1) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1aa*

1. Beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*) ("an Liosta Comhchoiteann Míleata") a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

2. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar don allmhairiú, ceannach nó aistriú a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana laistigh den Aontas; nó

(b) forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó forghníomhú na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Airteagal 1ab

1. Beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag na toirmisc dá dtagraítear inti maidir leis an méid seo a leanas:

(a) trealamh míleata neamh-mharfach atá beartaithe le haghaidh úsáid dhaonnúil nó chosantach nó le haghaidh cláir forbartha institiúidí de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, nó le haghaidh oibríochtaí bainistithe géarchéime de chuid an Aontais agus na Náisiún Aontaithe, agus chuige sin amháin; nó

(b) feithiclí neamhchomhraic atá feistithe le hábhair chun cosaint bhalaistíoch a thabhairt, ar feithiclí iad atá beartaithe le haghaidh úsáid chosantach phearsanra an Aontais agus a Bhallstát sa Bhealarúis, agus chuige sin amháin,

ar choinníoll go mbeidh soláthar na bhfeithiclí sin formheasta ag údaráis inniúla Ballstáit, mar a shainaithnítear iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le héadach cosantach, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata, arna n-onnmhairiú go sealadach chuig an mBealarúis ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, pearsanra an Aontais nó a Bhallstát, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra gaolmhar, le haghaidh a n-úsáide pearsanta amháin.';

(*) Leagan is déanaí foilsithe in IO C, C/2025/1499, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1499/oj.';

(2) in Airteagal 1b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) go (c):

'(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;

(b) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann a bhaineann le trealamh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cos ar bolg inmheánach mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;

(c) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó in Iarscríbhinn III a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis;';

(3) leasaítear Airteagal 1bb mar seo a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 3204 11, 3204 12, 3204 13, 3204 14, 3204 15, 3204 16, 3204 17, 3204 18, 3204 19, 3204 20, 3506 10, 3506 91, 3907 10, 3907 21, 3907 30, 3907 50, 3907 61, 3907 69 agus 3907 99, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, agus a bhfuil gá leo chun na conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 21 Deireadh Fómhair 2025 a fhorghníomhú go dtí an 20 Iúil 2025, nó chun conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3b. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí a thagann faoi chód AC 9032 89, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, a bhfuil gá leo chun conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 21 Eanair 2026 go dtí an 20 Iúil 2025, nó chun conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

'13. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, na hearraí seo a leanas a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha sa Bhealarúis:

(a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;

(b) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach suas le 50 mm acu;

(c) earraí a thagann faoi chód AC 8414 60;

(d) earraí a thagann faoi AC 3916 20 nuair atá géarghá leo chun urláir PVC a dhíol.';

(4) leasaítear Airteagal 1f mar seo a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1aa. Gan dochar don toirmeasc ar onnmhairí indíreacha i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, beidh údarú de dhíth le haghaidh onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta a d’fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va a ghabhann leis an Rialachán seo, chuig aon tríú tír seachas an Bhealarúis, más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe an t-onnmhaireoir ar an eolas go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6a. I gcás ina bhfuil gá le húdarú i gcomhréir le mír 1aa, leanfaidh na húdaráis inniúla ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/821, ag a mbeidh feidhm *mutatis mutandis*.’;

(5) leasaítear Airteagal 1zb mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Toirmiscfear gabháil, go díreach nó go hindíreach, d’aon idirbheart le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XV nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Bhealarúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XV.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo d’fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; nó

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh Ballstáit ar cónaitheoirí de chuid na Bealarúise iad agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022.

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo le haghaidh dífheistiú ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh.’;

(6) in Airteagal 8d, cuirtear na míreanna seo isteach:

‘2a. Ní aithneofar, ní thabharfar éifeacht ná ní fhorfheidhmeofar i mBallstát aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt bhreithiúnach seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, cinneadh eadrána nó riaracháin arna eisiúint in imeachtaí seachas na himeachtaí sin sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát in aghaidh Ballstáit nó a eascraíonn as na himeachtaí sin, ar imeachtaí iad a bhféadfadh sásamh aon éileamh i ndáil le bearta arna bhforchur faoin gCinneadh seo a bheith mar thoradh orthu, má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c) nó (d), nó daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a rialaíonn iad, é a agairt.

2b. Ní aithneofar, ní thabharfar éifeacht ná ní fhorfheidhmeofar i mBallstát aon iarraidh ar chúnamh le linn imscrúdaithe nó imeachtaí eile, ná aon phionós ná pionós eile atá bunaithe ar urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ó chúirt seachas cúirt de chuid Ballstáit nó cúirt eile, aon chinneadh eadrána nó riaracháin arna eisiúint in imeachtaí seachas iad siúd sna Ballstáit de bhun imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát i gcoinne Ballstáit nó a eascraíonn astu i dtaca le bearta arna bhforchur faoin gCinneadh seo, má dhéanann aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c) nó (d), nó daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a rialaíonn iad, é a agairt.’

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8k:

‘*Airteagal 8k*

I gcás nach bhfuil dlínse ag aon chúirt de chuid Ballstáit de bhun forálacha eile de dhlí an Aontais nó de dhlí Ballstáit, féadfaidh cúirt de chuid Ballstáit, ar bhonn eisceachtúil, éileamh ar dhamáistí arna thionscnamh de bhun Airteagal 8h nó Airteagal 8l a éisteacht, ar choinníoll go bhfuil nasc leordhóthanach ag an gcás le Ballstát na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair.’;

(8) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 8l*

Déanfaidh aon Bhallstát, i gcás inarb infheidhme, aon bhearta iomchuí chun aon damáistí díreacha nó indíreacha, lena n-áirítear costais dlí, arna dtabhú ag an mBallstát sin mar thoradh ar imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát arna dtionscnamh in aghaidh Ballstáit i dtaca le bearta arna bhforchur faoin Rialachán seo, a ghnóthú nó a bheith i dteideal iad a ghnóthú in imeachtaí breithiúnacha os comhair cúirteanna inniúla Ballstáit. Beidh an Ballstát i dteideal, i gcás inarb infheidhme, damáistí den sórt sin a aisghabháil ó aon duine, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 8d(1), pointí (a), (b), (c) nó (d), a thionscain, a rinne idirghabháil nó a ghlac páirt sa réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát nó a fhéachann le haon dámhachtain, cinneadh nó breithiúnas a bhaineann leis an réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát agus daoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo nó a rialaíonn aon cheann de na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin a fhorfheidhmiú.

I gcás inarb infheidhme, beidh an tAontas i dteideal aon damáistí arna dtabhú aige a ghnóthú faoi na coinníollacha céanna.

Airteagal 8m

Déanfaidh na Ballstáit aon agóid atá ar fáil i gcoinne aithint agus forfheidhmiú dámhachtainí eadrána a rinneadh ina gcoinne in imeachtaí um réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus an Stát i ndáil le bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo.’;

(9) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil , an 18 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA NDAOINE NÁDÚRTHA AGUS DLÍTHEANACHA, NA N-EINTITEAS NÓ NA GCOMHLACHTAÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 1e(7), 1f(7), 1fa(1) AGUS 1fa(1a)';

(b) cuirtear an t-eintiteas seo a leanas isteach:

'Legmash Plant JSC';

(2) leasaítear Iarscríbhinn Va mar a leanas:

(a) i gCuid A, Catagóir VIII, roinn X.C.VIII.004, cuirtear 'e. Stáirse nítreach (CAS 9056-38-6)' in ionad ítim 'e. Stáirse nítreach (CAS9056-38-6)';

(b) i gCuid A, Catagóir VIII, cuirtear an roinn seo a leanas leis:

'X.C.VIII.005 Comhábhair cheimiceacha le haghaidh tiomántán mar a leanas:

a. Dé-isicianáit tolúéine, in aon fhoirm isiméireach CAS 584-84-9, 91-08-7, 26471-62-5, 9002-68-2, 26628-22-8);

b. Dé-isicianáit Défheinile Meitile (CAS 101-68-8);

c. Dé-isicianáit iseafóróin (CAS 4098-71-9);

d. Xilidín, in aon fhoirm isiméireach (CAS 87-59-2, 95-68-1, 95-78-3, 87-62-7, 95-63-6 nó 108-69-0);

e. Poiléitear Hiodrocsa Foirceanta (HTPE);

f. Éitear Capralachtóin Hiodrocsa Foirceanta (HTCE).

Nóta Teicniúil:

Tagraíonn an ítim seo do shubstaint íon agus d'aon mheascán ina bhfuil 50 % ar a laghad de cheann amháin de na ceimiceáin thuasluaite.';

(c) i gCuid B, Tábla '5. Cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad 'Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara':

'5. Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara

Cód AC	Tuairisc
8205 59 80	Uirlisí láimhe, lena n-áirítear diamaint na ngloineadóirí, gan uirlisí tí a áireamh, agus uirlisí saor cloch, uirlisí múnlóirí agus oibrithe stroighne, uirlisí pláistéirí agus péintéirí
8456 11	Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, a oibrítear le léasair
8456 30	Arna n-oibriú le próisis leictrea-dhíluchtúcháin
8456 50	Meaisíní gearrtha scaird uisce
8457 10	Ionaid meaisínithe chun miotal a oibriú

Cód AC	Tuairisc
8458 11	Deileanna cothrománacha, lena n-áirítear ionaid deileadóireachta, le miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil
8458 91	Deileanna (lena n-áirítear ionaid deileadóireachta), chun miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil (seachas deileanna cothrománacha)
8459 61	Meaisíní muilleála le haghaidh miotal, arna rialú go huimhriúil (seachas deileanna agus ionaid deileadóireachta faoi cheannteideal 8458, meaisíní ceannaonaid den chineál a bhíonn ar shleamhnáin, meaisíní druileála, meaisíní tollta agus muilleála, meaisíní tollta, agus meaisíní muilleála de chineál na glúine)
8466 10	Coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le haghaidh oibriú i ngreim láimhe agus do mheaisín-uirlisí; cinn dísle féinoscailte
8466 93	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8461 amháin nó go príomha, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8485 20	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlaistigh nó rubar a leagan síos
8485 30	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlástar, stroighin, ceirmigh nó gloine a leagan síos
8485 90	Páirteanna meaisíní le haghaidh monarú breiseán';

(d) i gCuid B, Tábla '6. Ábhair fuinneamhachais agus réamhtheachtaithe', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'6. Ábhair agus réamhtheachtaithe fuinneamhachais

Cód AC	Tuairisc
2804 50 10	Bórón
2829 11 00	Clóráití de shóidiam
2829 19 00	Clóráití eile
2829 90	Sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
4706 10	Laíon snáithíní a fhaightear ó pháipéar slánaithe nó cairtchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) nó laíon atá déanta as ábhair eile de cheallalóis snáithíneach: Laíon atá déanta as lintir cadáis
7603 10 00	Púdair nach é an struchtúr lannógach atá iontu
7603 20 00	Púdair arb an struchtúr lannógach atá iontu; calóga
8104 30 00	Grabhróga, fuíoll deile agus gráinníní maignéisiam, iad grádaithe de réir méide; púdair';

(e) i gCuid B, Tábla ‘9. Páirteanna, cóimeálacha agus comhpháirteanna innealra’, cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘9. Páirteanna, cóimeálacha agus comhpháirteanna innealra

Cód AC	Tuairisc
8482 10	Imthacaí gránacha
8482 20	Imthacaí rollacha barrchaolaithe, lena n-áirítear cóimeálacha cónrollóirí agus rollóirí barrchaolaithe
8482 30	Imthacaí rollacha sféaracha
8482 40 00	Imthacaí rollacha barrchaolaithe, lena n-áirítear cóimeálacha cáis agus rollóirí snáthaide
8482 91	Gráin, snáthaidí agus rollóirí
8482 50	Imthacaí sorcóireacha rollacha eile, lena n-áirítear cóimeálacha cáis agus rollóirí
8483 40 30	Gránscriúnna nó rollscriúnna
8484 90 00	Foirne nó ilchnuasaigh gaiscéad agus alt comhchosúil, a bhfuil comhdhéanamh neamhchosúil acu, curtha i máilíní, i gclúdaigh nó i bpacáil comhchosúil: eile
9031 80 20	Uirlisí, fearais agus meaisíní eile, chun cainníochtaí geoiméadracha a thomhas nó a sheiceáil’;

(3) in Iarscríbhinn XIVa, cuirtear an cód AC seo a leanas isteach idir cód AC 8474 39 agus cód AC 8481 20:

Cód AC	Tuairisc
‘8479 82	Meaisíní measctha, fuinte, brúite, meilte, criathraithe, rillte, homaiginithe, eiblithe nó suaite’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn Vb:

‘*IARSCRÍBHINN Vb*

LIOSTA NA dTÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 1bb(7), 1e(4), 1f(4), 1fc(4), 1ga(4), 1jc(9), 1jc(13), 1s(4) agus 1zb(1a)

[…]’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XVIII:

‘*IARSCRÍBHINN XVIII*

LIOSTA NA nEARRAÍ AGUS NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ A D’FHÉADFADH RANNCHUIDIÚ LE FEABHSÚ ACMHAINNEACHTAÍ TIONSCLAÍOCHA NA BEALARÚISE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1bb

Cód AC	Tuairisc
0601	Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim shuanacha nó iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí siocaire agus fréamhacha seachas fréamhacha faoi cheannteideal 1212
0602 30	Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bíodh
0602 40	Rósanna, bídís beangaithe nó ná bíodh

Cód AC	Tuairisc
0602 90	Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán – Eile
0604 20	Duilliúir, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bhláthanna nó bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin atá ina n-earraí de chineál atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideacha, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ar shlí eile ullmhaithe – Úr
2508	Créanna, andalúisít, ciainít agus silliminít, bídís cailcínithe nó ná bíodh; muilít; chamotte nó créanna dinas (seachas cré chamotte agus créanna cailinneacha, agus cré leathnaithe)
2509	Cailc
2512	Min shiliciúil iontaise (mar shampla, kieselguhr, tripilít agus diatóimít) agus ithreacha siliciúla comhchosúla, bídís cailcínithe nó ná bíodh, ar 1 nó níos lú a sainmheáchan dealraitheach
2515	Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála ar ≥ 2,5, a sainmheáchan dealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm cearnógach nó dronuilleogach
2518	Dolaimít, bíodh sí cailcínithe nó sintéaraithe nó ná bíodh, lena n-áirítear dolaimít atá bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)
2519	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít); maignéis chomhleáite; maignéis atá cailcínithe amach “sintéaraithe”, bíodh cainníochtaí beaga ocsaídí eile inti a cuireadh léi roimh an sintéarú nó ná bíodh; ocsaíd mhaignéisiam eile, bíodh sí íon nó ná bíodh
2520	Gipseam; ainhidrít; plástair ina bhfuil gipseam cailcínithe nó sulfáit chailciam, bídís daite nó ná bíodh, agus bíodh cainníochtaí beaga luasairí nó moilleoirí curtha leo nó ná bíodh
2521	Flosc aolchloiche; aolchloch agus cloch chailcreach eile, de chineál a úsáidtear chun aol nó stroighin a mhonarú
2522	Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd faoi cheannteideal 2825
2525	Míoca, bíodh sé scoilte ina leatháin nó ina scealpaí nó ná bíodh; dramhaíl mhíoca
2526	Stéitít nádúrtha, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach); talc
2530	Substaintí mianracha nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile
2602	Mianta mangainéise agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear mianta mangainéise iarnaí agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion mangainéise 20 % nó níos mó, arna ríomh de réir an mheáchain thirim
2613	Mianta molaibdéinim agus tiúcháin díobh
2615	Mianta niaibiam, tantalaim, vanaidiam nó siorcóiniam agus tiúcháin díobh
2701	Gual; brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual

Cód AC	Tuairisc
2702	Lignít, bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh, cé is moite de ghaing
2703	Móin (lena n-áirítear easair mhóna) bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh
2704	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bíodh; carbón freangáin
2707	Olaí agus táirgí eile ó dhriogadh tarra guail ardteochta; táirgí comhchosúla inar mó meáchan na gcomhábhar aramatacha ná meáchan na gcomhábhar nach bhfuil aramatach
2708	Pic agus cóc pice, a fhaightear ó tharra guail nó ó tharraí mianracha eile
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha); ullmhóidí ina bhfuil ≥ 70 % de réir meáchain d'olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, nach sonraítear in áit ar bith eile; olaí dramhaíola ina gcuimsítear peitriliam nó mianraí biotúmanacha go príomha
2712	Glóthach pheitriliam, céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianraí eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bíodh
2715	Maisteoga biotúmanacha, ciorruithe agus meascáin bhiotúmanacha eile atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianrach - Eile
2801	Fluairín, clóirín, bróimín agus iaidín
2802	Sulfar, é néalaithe nó deasctha; sulfar collóideach
2803	Carbón (dubh carbóin agus foirmeacha eile carbóin nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile)
2804	Hidrigin, triathgháis agus neamh-mhiotail eile
2806	Clóiríd hidrigine "aigéad hidreaclórach"; aigéad clórasulfarach
2811	Aigéid neamhorgánacha eile agus comhdhúile ocsaigine neamhorgánacha eile de neamh-mhiotail
2813	Suilfídí de neamh-mhiotail; tríshuilfíd fosfair thráchtála
2814	Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí
2815	Hiodrocsaíd sóidiam "sóid loiscneach", hiodrocsaíd photaisiam "potais loiscneach"; sárocsaídí sóidiam nó potaisiam
2817	Ocsaíd since; sárocsaíd since
2818 30	Hiodrocsaíd alúmanaim
2819	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam
2820	Ocsaídí mangainéise

Cód AC	Tuairisc
2821	Ocsaídí agus hiodrocsaídí iarainn; cré-dhathanna ina bhfuil 70 % nó níos mó de réir meáchain d'iarann comhcheangailte a mheastar mar Fe_2O_3
2822	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cóbailt; ocsaídí cóbailt tráchtála
2823	Ocsaíd tíotáiniam
2825	Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánach, ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí miotail, nach sonraítear in áit ar bith eile.
2827	Clóirídí, ocsaídí clóiríde agus hiodrocsaídí clóiríde; bróimídí agus ocsaídí bróimíde; iaidídí agus ocsaídí iaidíde
2828	Hipeachlóirítí; hipeachlóirít chalciam tráchtála; clóirítí; hipeabhróimítí
2829	Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
2832 20	Suilfítí (seachas sóidiam)
2833	Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití "sárshulfáití"
2834	Nítrítí; níotráití
2835	Foisfíonáití (hipeafoisfítí), fosfónáití (foisfítí) agus fosfáití; polafosfáití, bídís sainithe ó thaobh ceimice de nó ná bíodh
2836	Carbónáití; sárocsacarbónáití "sárcharbónáití"; carbónáit amóiniam tráchtála ina bhfuil carbamáit amóiniam
2839	Sileacáití; sileacáití miotail alcaile tráchtála
2840	Bóráití; Sárocsabóráití (sárbhóráití)
2841	Salainn as aigéad ocsaimiotalach nó sárocsaimiotalach
2843	Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; malgaim as miotail lómhara
2846	Comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha as miotail tearc-chré, as itriam nó as scaindiam nó as meascáin de na miotail sin
2847	Sárocsaíd hidrigine, bíodh sí soladaithe le húiré nó ná bíodh
2901	Hidreacarbóin neamhchioglacha
2902	Hidreacarbóin chioglacha
2903	Díorthaigh halaiginithe hidreacarbón

Cód AC	Tuairisc
2904	Díorthaigh shulfónaithe, níotráitithe nó níotrasaithe de hidreacarbóin, bídís halaiginithe nó ná bíodh
2905	Alcóil neamhchioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2906	Alcóil chioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2907	Feanóil; feanól-alcóil
2909	Éitir, éitearalcóil, éitear-fheanóil, éitearalcól-fheanóil, sárocsaídí alcóil, sárocsaíd éitir, sárocsaídí céatóin (bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh), agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2910	Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2911	Aicéatail agus leathaicéatail, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2912	Aildéid, bíodh feidhm ocsaigine acu nó ná bíodh; polaiméirí cioglacha d'aildéid; paraformaildéad
2914	Céatóin agus cuineoin, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2915	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2916	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2917	Aigéid pholacarbocsaileacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2918	Aigéid charbocsaileacha ag a bhfuil feidhm bhreise ocsaigine agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2920	Eistir d'aigéid neamhorgánacha de neamh-mhiotail agus a salainn; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2921	Comhdhúile feidhme aimín
2922	Comhdhúile aimín le feidhm ocsaigine
2923	Salainn agus hiodrocsaídí ceathartha amóiniam; Leicitiní agus fosfa-aimínilipidí eile, bídís sainithe ó thaobh ceimice de nó ná bíodh
2924	Comhdhúile feidhme carbocsa-aimíde; comhdhúile feidhme aimíde d'aigéad carbónach
2925	Comhdhúile feidhme carbocsa-imíde, lena n-áirítear siúicrín agus a shalainn, agus comhdhúile feidhme imín

Cód AC	Tuairisc
2926	Comhdhúile feidhme nítríle
2929	Comhdhúile le feidhmeanna eile nitrigine
2930	Comhdhúile orgánasulfair
2933 29	Comhdhúile heitrichioglacha nach bhfuil ach heitrea-adamh (heitrea-adaimh) nítrigine amháin iontu, a bhfuil fáinne imíodasóil neamh-chomhleáite (bíodh sé hidriginithe nó ná bíodh) sa struchtúr, (seachas hiondantoin agus a dhíorthaigh, agus táirgí faoi fhocheannteideal 3002 10)
2933 54	Díorthaigh eile de mhalóiniolúiré (aigéad barbatúrach); salainn díobh sin
2933 71	6-Heacsánlachtam (eipsealón-capralachtam)
7302	Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh na n-iarnród nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, frogaí trasnála, slata pointe agus píosaí trasbhealaigh eile, trasnáin "trascheangail", lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí "bunphlátaí", fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú
7303	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla déanta as iarann teilgthe
7304	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe)
7305	Feadáin agus píobáin, nach sonraítear in áit ar bith eile. (atá táite, seamaithe nó dúnta ar bhealach comhchosúil eile, mar shampla), a bhfuil trasghearrthacha ciorclacha acu, atá níos mó ná 406,4 mm ar trastomhas seachtrach agus atá déanta as iarann nó as cruach
7306	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla nach sonraítear in áit ar bith eile. (a bhfuil a séama oscailte nó táthaithe, iad séamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach
7307	Feistis feadáin nó píobáin (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí) agus iad déanta as iarann nó as cruach
7308	Foirgnimhagus codanna d'fhoirgnimh as iarann nó as cruach (mar shampla, droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin); plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh, as iarann nó as cruach (seachas foirgnimh réamhdhéanta faoi cheannteideal 9406

Cód AC	Tuairisc
7309	Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu
7310	Taiscumair, umair, dabhcha agus coimeádáin chomhchosúla, atá déanta as iarann nó cruach, le haghaidh aon ábhair "seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe", a bhfuil toilleadh ≤ 300 l iontu, nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídís, nach sonraítear in áit ar bith eile.
7311	Coimeádáin iarainn nó chruach, le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe (seachas coimeádáin atá tógtha nó feistithe go sonrach le haghaidh cineál amháin iompair nó níos mó)
7312	Sreang dhualach, ródpaí, cáblaí, bandaí trilseacha, crocháin agus a leithéid, iad déanta as iarann nó as cruach, nach bhfuil inslithe go leictreach
7313	Sreang dheilgneach agus í déanta as iarann nó as cruach; fonsa lúbach nó sreang chothrom shingil, bíodh sí deilgneach nó ná bíodh, agus sreang dhúbailte atá casta go scaoilte, den chineál a úsáidtear le haghaidh fál a thógáil, é déanta as iarann nó as cruach
7314	Éadach (lena n-áirítear bandaí éigríochta), greille, líontán agus fálta, iad déanta as sreang iarainn nó sreang chruach; Miotal leata agus é déanta as iarann nó as cruach
7315	Slabhra agus codanna díobh, as iarann nó as cruach:
7318 24	Leicníní agus pionnaí leicnín, as iarann nó cruach
7320	Spriongaí agus lannóga sprionga déanta as iarann nó as cruach
7322 90	Radaitheoirí le haghaidh téamh lárnach, gan iad téite go leictreach, agus codanna de na radaitheoirí sin, iad déanta as iarann nó as cruach, téiteoirí aeir agus dáileoirí aeir the (lena n-áirítear dáileoirí lenar féidir aer úr nó aer cóirithe a dháileadh freisin), gan iad téite go leictreach, ina bhfuil fean nó séidire ar inneall, agus codanna díobh sin, iad déanta as iarann nó as cruach
7324 29	Folcadáin leatháin chruach
7326 90	Earraí eile as iarann agus as cruach
Ex 74	Copar agus earraí atá déanta as copar, seachas cód AC 7401 00 00
7505	Barraí, slata, próifílí agus sreang nicile
7506	Plátaí agus leatháin nicile, stiallacha agus duilleoga nicile
7507	Feadáin, píobáin agus feistis feadáin nó píobáin, "e.g., cúplálacha, uillinneacha, muinchillí", iad déanta as nicil
7508	Earraí eile nicile
76	Alúmanam agus earraí atá déanta as
7804	Plátaí, leatháin, stiallacha agus duilleoga luaidhe; púdair agus calóga luaidhe
7905	Plátaí, leatháin, stiallacha agus duilleoga since
8001	Stán neamhshaoirsithe

Cód AC	Tuairisc
8003	Barraí, slata, próifílí agus sreang stáin
8007	Earraí stáin
8101	Tungstan (volfram) agus earraí tungstain, lena n-áirítear an fuíoll agus an dramhaíl
8102	Molaibdéineam agus earraí molaibdéinim, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8105	Maití cóbailt agus táirgí idirmheánacha eile de mhiotalóireacht chóbailt; cóbalt agus earraí cóbailt, lena n-áirítear an fuíoll agus an dramhaíl
8109	Siorcóiniam agus earraí siorcóiniam, lena n-áirítear an fuíoll agus an dramhaíl
8111	Mangainéis agus earraí mangainéise, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8202	Sábha láimhe; lanna i gcomhair sábha de gach cineál (lena n-áirítear lanna do shábha scáinte, sliotán nó míne)
8203	Líomháin, raspaí, greamairí (lena n-áirítear greamairí gearrtha), pionsúir, pionsúiríní, deimheas miotail, gearrthóirí píobán, bearrthóirí boltaí, pollairí agus uirlisí láimhe comhchosúla
8204	Castairí agus rinsí lámhoibrithe (lena n-áirítear rinsí torcmhéadairach ach gan rinsí tapa a áireamh); soicéid inmhalartaithe le haghaidh soicéid chastairí, bíodh hanlaí orthu nó ná bíodh
8207	Uirlisí inmhalartaithe le haghaidh uirlisí láimhe, bídís cumhachtoibrithe nó ná bíodh, nó le haghaidh meaisín-uirlisí (mar shampla le haghaidh brú, stampáil, puinseáil, tapáil, snáithiú, druileáil, tolladh, bróisteáil, muilleáil, deileadóireacht nó tiomáint scriúnna), lena n-áirítear díslí le haghaidh miotal a tharraingt nó a easbhrú, agus uirlisí chun clocha a dhruileáil agus an talamh a tholladh
8208 10	Sceana agus lanna gearrtha, le haghaidh meaisíní nó fearais mheicniúla - le haghaidh miotalóireachta
8208 20	Sceana agus lanna gearrtha, le haghaidh meaisíní nó fearais mheicniúla - le haghaidh adhmadóireachta
8208 30	Sceana agus lanna gearrtha, le haghaidh meaisíní nó fearais mheicniúla - a úsáidtear sa tionscal bia
8208 90	Sceana agus lanna gearrtha, le haghaidh meaisíní nó fearais mheicniúla - eile
8301 20	Glais, iad déanta as táirmhiotail, a úsáidtear do mhótarfheithiclí
8301 70	Eochracha arna gcur i láthair ceann ar cheann
8302	Gléasadh, feistis agus earraí comhchosúla, iad déanta as táirmhiotal, agus iad atá oiriúnach do throscán agus doirse, do staighrí agus fuinneoga, do dhallóga agus obair chóiste, do dhiallatra, do thruncaí, do chófraí, do chisteoga nó a leithéidí; racaí hata, crúcaí hataí, braic agus feistis chomhchosúla eile déanta as táirmhiotal; roithlíní a bhfuil gléasadh táirmhiotail orthu; gléasanna dúnta dorais uathoibríocha, iad déanta as táirmhiotal
8307	Feadánra solúbtha as táirmhiotal, bíodh feistis air nó ná bíodh
8309	Stopalláin, caidhpeanna agus claibíní, lena n-áirítear coirc chorónacha, scriú-chlaibíní agus stopalláin doirte, capsúil do bhuidéil, dalláin shnáithithe, clúdaigh dallán, séalaí agus comhghabhálais phacála eile, déanta as táirmhiotal

Cód AC	Tuairisc
8411	Innill turba-scairde, turba-liáin agus tuirbíní gáis eile
8414	Caidéil aeir nó folúis, comhbhrúiteoirí agus gaothráin aeir nó gáis eile; cochaill aerála nó athchúrsála a chuimsíonn gaothrán, bídís feistithe le scagairí nó ná bíodh; caibinéid sábháilteachta bitheolaíochta nach sceitheann gás, bídís feistithe le scagairí nó ná bíodh
8417	Foirnéisí agus oighinn thionsclaíocha, lena n-áirítear loisceoirí, neamhleictreacha
8419 39	Triomadóirí (sseachas gléasra lióifilithe, aonaid reothriomaithe agus spraethriomadóirí; triomadóirí le haghaidh táirgí talmhaíochta; triomadóirí le haghaidh adhmaid, laíon páipéir, páipéar nó cairtchlár)
8419 40	Gléasra driogtha nó ceartaithe
8419 50	Aonaid theasmhalartaithe (seachas iad siúd a úsáidtear le coirí)
8419 60	Innealra le haghaidh aer nó gáis eile a leachtú
8419 89	Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta mar théamh, cócaireacht, róstadh, steiriliú, paistéaradh, gail, triomú, galú, gal a dhéanamh, comhdhlúthú nó fuarú, nach sonraítear in áit ar bith eile. (seachas innealra nó gléasra de chineál a úsáidtear chun críocha baile agus foirnéisí, oighinn agus trealamh eile faoin cheannteideal 8514)
8419 90	Páirteanna de threalamh, innealra agus trealamh saotharlainne, bídís téite go leictreach nó ná bíodh, chun ábhair a chóireáil trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta, agus de phrapthéitheoirí nó taiscthéitheoirí uisce neamhleictreacha, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8451 10	Meaisíní tirimghlanta
8451 29	Meaisíní triomaithe - Eile
8451 30	Meaisíní smúdála agus preasanna (lena n-áirítear preasanna comhleáite)
8451 90	Innealra (seachas meaisíní faoi cheannteideal 8450) le haghaidh snáthanna teicstíle, fabraicí nó earraí teicstíle déanta suas a ní, a ghlanadh, a fháisceadh, a thriomú, a smúdáil, a phreasáil (lena n-áirítear preasanna comhleáite), a thuaradh, a dhathú, a threiscíniú, a chríochnú, a chlúdach nó a thuile agus meaisíní le taos a chur ar bhonn fabraice nó tacú eile a úsáidtear i ndéantús clúdaigh urláir mar líonóil; meaisíní le haghaidh fabraicí teicstíle a thochras, a dhíthochras, a fhilleadh, a ghearradh nó a scealpadh - Páirteanna
8456	Meaisín-uirlisí le haghaidh ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, le próisis léasair nó solais nó léis fótóin eile, léis ultrasonaigh, díluchtaithe leictrigh, leictricheimiceacha, léis leictreoin, léis ianaigh nó stua-phlasmacha; meaisíní gearrtha scaird uisce
8459	Uirlisí meaisíní, lena n-áirítear meaisíní ceann aonaid, le haghaidh druileála, tollta, muilleála, snáithithe, nó tapála (seachas deil agus ionaid deilte atá faoi cheannteideal 8458, meaisíní gearrtha giair atá faoi cheannteideal 8461 agus meaisíní lámhoibrithe)
8460	Meaisín-uirlisí le haghaidh miotal nó miotail cheirmeacha a dhíbhurrú, a fhaobhrú, a líomhadh, a mhíniú, a rádalú, a shnasú nó a chríochnú ar bhealach eile trí bhíthin clocha meilte, scríobaigh nó táirgí snasta, (seachas meaisíní gearrtha giair, meilte giair nó críochnaithe giair atá faoi cheannteideal 8461 agus meaisíní lena n-úsáid sa láimh)

Cód AC	Tuairisc
8461	Meaisín-uirlisí le haghaidh plánáil, múnlú, déanamh sliotán, bróitseáil, gearradh giair, meilt giair nó críochnú giair, sábhadh, teascadh agus uirlisí meaisín eile a oibríonn trí mhiotal nó miotail cheirmeacha a bhaint, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile
8462	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna) le haghaidh miotal a oibriú trína ghaibhniú, a ghreadadh nó stampáil dísle (seachas muilte rollála); meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna, línte scáinte agus línte scoite) le haghaidh miotal a oibriú trí lúbadh, filleadh, díriú, leacú, fiar, puinseáil, eangú nó miotú (seachas binsí tarraingthe); preasanna chun miotal nó cairbídí miotail a shaoirsiú, nách sonraítear i gceannteidil roimh seo
8463	Meaisín-uirlisí chun miotal a shaoirsiú, cairbídí miotail nó ceirméidí sintéaraithe, gan ábhar a bhaint (seachas fáisceáin ghaibhnithe, fhillteacha, dhírithe agus chothromaithe, meaisíní fiartha, meaisíní puinseála nó eangaithe, fáisceáin agus meaisíní lena n-oibriú sa lámh)
8464	Meaisín-uirlisí le haghaidh oibriú cloiche, earraí ceirmeacha, coincréite, stroighne aispeiste nó ábhair mhionracha chomhchosúla nó le haghaidh oibriú fuar gloine (seachas meaisíní lena n-oibriú sa láimh)
8465	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear meaisíní le haghaidh tairneála, stáplála, gliúála nó cóimeála eile) le haghaidh adhmad, corc, cnámh, rubar crua, plaistigh chrua nó ábhair chrua chomhchosúla a oibriú
8470	Áireamháin agus meaisíní taifeadta, atáirgthe agus taispeána sonraí, de mhéid póca, a bhfuil feidhmeanna ríofa acu; meaisíní cuntasaíochta; meaisíní francála poist, meaisíní eisithe ticéad agus meaisíní comhchosúla, a chuimsíonn gaireas ríofa; scipéid airgid
8472	Meaisíní oifige eile (mar shampla, meaisíní heicteagraf nó dúblála stionsail, meaisíní breactha seoltaí, dáileoirí uathoibríocha nótaí airgid, meaisíní sórtála bonn, meaisíní comhairimh nó clúdaithe bonn, meaisíní bioraithe, meaisíní bréifnithe nó stáplála)
8473	Páirteanna agus gabhálais (seachas clúdaigh, cásanna iompair agus a leithéidí) atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní atá faoi cheannteideal 8470 go 8472
8478	Innealra le haghaidh tobac a ullmhú nó a chóiriú, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile sa Chaibidil seo
8485	Meaisíní chun breiseáin a mhonarú
8486	Meaisíní agus gléasra de chineál a úsáidtear go príomha le haghaidh peileanna nó sliseoga leathsheoltóra, gairis leathsheoltóra, ciorcaid leictreonacha chomhtháite nó painéil chothroma chun taispeána; meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann le Caibidil 84; páirteanna agus gabhálais díobh, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8487	Páirteanna innealra, nach bhfuil nascóirí leictreacha, inslitheoirí, cornaí iontu, teagmhálacha nó gnéithe leictreacha eile iontu, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile i gCaibidil 84
8506	Cealla príomhúla agus ceallraí príomhúla; páirteanna díobh
8512	Trealamh soilsithe nó comharthaíochta leictreonach (seachas lampaí faoi cheannteideal 8539), cuimilteoirí gaothscátha, díreoáin agus dínéaltóirí, de chineál a úsáidtear le haghaidh rothar nó mótarfheithiclí; páirteanna díobh
8513	Lampaí inaistrithe leictreacha atá deartha le feidhmiú as a bhfoinse fuinnimh féin, e.g. ceallraí tirime, taisc-cheallraí agus maignéatónna; páirteanna díobh

Cód AC	Tuairisc
8515	Meaisíní leictreacha agus gléasra leictreach (lena n-áirítear gás a théitear go leictreach), léasair nó léis solais nó fótóin eile, ultrasonacha, léis leictreoin, bíge maighnéadaí nó stua-phlasmaí le haghaidh sádrála, brásála nó táthúcháin, bídís ábalta gearradh nó ná bíodh; meaisíní leictreacha agus gléasra leictreach le haghaidh spraeáil the miotal nó miotal ceirmeach; páirteanna díobh
8517	Gléasra teileafóin, lena n-áirítear fóin chliste agus teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha eile nó líonraí eile gan sreang; gairis eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a fháil, lena n-áirítear gairis le haghaidh cumarsáid i líonra le sreang nó gan sreang (amhail líonra achair logánta nó líonra achair fhairsing), seachas gairis tarchurtha nó fála faoi cheannteidil 8443, 8525, 8527 nó 8528
8518	Micreafóin agus seastáin dóibh; callairí, bídís suite ina gcompal nó ná bíodh; cluasáin, bídís comhcheangailte le micreafón nó ná bíodh, agus gléasra ina bhfuil micreafón agus callaire amháin nó níos mó; aimplitheoirí closmhinicíochta leictreacha; gléasra aimplitheoirí fuaime leictreacha
8519	Gléasra taifeadta fuaime nó atáirgthe fuaime
8521	Gléasra taifeadta nó atáirgthe físe, bíodh tiúnóir físe ina chuid díobh nó ná bíodh
8522	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach lena n-úsáid leis na gairis faoi cheannteidil 8519 nó 8521 amháin nó leis na gairis sin go príomha
8523	Dioscaí, téipeanna, gléasanna stórála soladstaide neamhluaineacha, “cártaí cliste” agus meáin eile le haghaidh fuaim nó feiniméin eile a thaifeadadh, bíodh sé taifeadta nó ná bíodh, lena n-áirítear máitrísí agus máistirthéipeanna le haghaidh dioscaí a tháirgeadh, ach seachas táirgí faoi Chaibidil 37
8524	Painéil chothroma ina modúil taispeána, bíodh scáileáin tadhall-íogair iontu nó ná bíodh
8525	Gléasra tarchuir le haghaidh craoladh raidió nó teilifíse, bíodh gléasra fála nó taifeadta nó atáirgthe fuaime ann nó ná bíodh; ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara eile
8526	Gléasra radair, gléasra cúnta radloingseoireachta agus gléasra cianrialaithe raidió
8527	Gléasra glactha le haghaidh craoladh raidió nó teilifíse, bíodh gléasra taifeadta fuaime nó clog comhcheangailte, sa chásáil chéanna, nó ná bíodh
8528	Monatóirí agus teilgeoirí, nach gcuimsíonn gléasra glactha teilifíse; gléasra glactha le haghaidh teilifíse, bíodh glacadóirí le haghaidh craoltóireacht raidió nó gairis taifeadta nó atáirgthe fuaime nó físe ann nó ná bíodh
8530	Trealamh comharthaíochta, sábháilteachta nó rialaithe tráchta leictreach le haghaidh iarnród, trambhealaí, bóithre, uiscebhealaí intíre, áiseanna páirceála, fearais chalaphoirt nó aerpháirceanna (seachas trealamh meicniúil nó leictrimheicniúil faoi cheannteideal 8608); páirteanna díobh
8531	Gaireas leictreach fuaime nó físe (mar shampla, cloig, bonnáin, painéil táscaire, aláraim buirgléireachta nó tine), seachas iad siúd faoi 8512 nó 8530
8532	Toilleoirí leictreacha, seasta, inathraithe nó inchoigeartaithe (réamhshocraithe)

Cód AC	Tuairisc
8533	Friotóirí leictreacha (lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair), seachas friotóirí téimh
8534	Ciorcaid phriontáilte
8536	Gléasra leictreonach le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní optúla nó cáblaí
8540	Comhlaí agus feadáin teirmianacha, catóide fuaire nó fótacatóide e.g.comhlaí agus feadáin folúis nó gaile nó gáslíonta, comhlaí agus feadáin coigeartaithe stuamhearcair, feadáin gha-chatóideacha, feadáin ceamara teilifíse; páirteanna díobh
8541	Gairis leathsheoltóra (mar shampla, dé-óidí, trasraitheoirí, trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir); gairis leathsheoltóra fótamhothálacha, lena n-áirítear cealla fótavoltacha bídís cóimeáilte i módúil nó cóirithe ina bpainéil nó ná bíodh; dé-óidí astaithe solais (LED), bídís cóimeáilte le dé-óidí astaíochta solais (LED) nó na bíodh; criostail phísileictreacha shuite
8543	Meaisíní agus gléasra leictreonach a bhfuil feidhmeanna ar leith acu nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile sa Chaibidil seo
8546	Inslitheoirí leictreacha atá déanta as aon ábhar
8549	Fuíoll agus drámh cealla príomhúla, ceallraí príomhúla agus taisc-cheallraí leictreacha
8602	Innill fhéinghluaiste iarnróid (seachas iad sin a chumhachtaítear ó fhoinse sheachtrach leictreachais nó le taisc-chealla leictreacha); gualcharranna
8604	Feithiclí cothabhála nó deisithe iarnróid nó trambhealaigh, bídís féinghluaiste nó ná bíodh (mar shampla, ceardlanna, craenacha, calcóirí ballasta, ailínitheoirí rianta, cóistí tástála agus feithiclí iniúchta rianta)
8606	Veaineanna agus vaigíní earraí iarnróid nó trambhealaigh (seachas veaineanna féinghluaiste agus veaineanna bagáiste agus cóistí postoifige)
8607	Páirteanna d'innill fhéinghluaiste iarnróid nó trambhealaigh nó de rothstoc
8608	Daingneáin agus feistis riain iarnróid nó trambhealaigh (seachas trasnáin as adhmad, stroighin nó cruach, ranna riain agus feistis riain eile nach bhfuil cóimeáilte go fóill agus ábhar tógála riain iarnróid nó trambhealaigh); trealamh meicniúil, lena n-áirítear leictrimheicniúil, comharthaíochta, sábháilteachta nó rialaithe tráchta le haghaidh iarnród, trambhealaí, bóithre, uiscebhealaí intíre, saoráidí páirceála, calafort nó aerpháirceanna; páirteanna díobh thuas
8609	Coimeádáin, lena n-áirítear coimeádáin chun sreabháin a iompar, atá saincheaptha agus feistithe lena n-iompar ar mhodh iompair amháin nó níos mó
8701 21	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí - Gan ach inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (díosal nó leathdhíosal)

Cód AC	Tuairisc
8701 22	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí - Ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (díosal nó leathdhíosal) agus mótar leictreach araon mar mhótair tiomána
8701 23	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí - Ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána
8701 24	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí - Gan ach mótar leictreach le haghaidh tiomána
8701 29	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí – Nach bhfuil iontu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte mar mhótair le haghaidh tiomána
8701 30	Tarracóirí snámhaíola (seachas tarracóirí arna rialú ag coisithe)
8703 10	Feithiclí chun < 10 duine a iompar ar shneachta; cairríní gailf agus feithiclí comhchosúla
Ex 8703 23	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte ar > 1 900 cm^3 ach ≤ 3 000 cm^3 a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 24	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte ar > 3 000 cm^3 a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 32	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall díosail ar > 1 900 cm^3 ach ≤ 2 500 cm^3 a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 33	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall díosail ar > 2 500 cm^3 a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 40	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)
Ex 8703 50	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)

Cód AC	Tuairisc
Ex 8703 60	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ar féidir iad a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
Ex 8703 70	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ar féidir iad a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
Ex 8703 80	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil ach mótar leictreach acu le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ("scóip ón talamh") atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
8703 90	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall seachas inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte nó mótar leictreach acu
Ex 8704	Mótarfheithiclí chun earraí a iompar, lena n-áirítear fonnadh ag a bhfuil inneall agus cábán, seachas feithiclí de chóid AC 8704 21 91 agus 8704 21 99 ina bhfuil innill nach mó ná 1 900 cm^3 a dtoilleadh sorcóra
8705	Mótarfheithiclí sainchuspóireacha, (seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar) e.g. leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincréite, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil
8708 99	Páirteanna agus gabhálais le haghaidh tarracóirí, mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, gluaisteán agus mótarfheithiclí eile a dearadh go príomha chun daoine a iompar, mótarfheithiclí chun earraí a iompar agus mótarfheithiclí sainchuspóireacha, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8709	Trucailí monarchan, de chineál féinghluaiste, nach bhfuil trealamh tógála nó láimhseála feistithe orthu, den chineál a úsáidtear i monarchana, trádstórais, limistéir duganna nó aerfoirt le haghaidh gearriompar earraí; tarracóirí den chineál a úsáidtear ar ardáin stáisiúin iarnróid; páirteanna de na feithiclí thuasluaite, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8716	Leantóirí agus leathleantóirí; feithiclí eile, nach feithiclí innealltiomáinte iad (seachas feithiclí iarnróid agus trambhealaigh); páirteanna díobh, nach sonraítear in áit ar bith eile.
8903	Luaimh agus soithí eile le haghaidh áineasa nó spórt; báid iomartha agus canúnna
8904	Tugaí agus brúshoithí
8905	Soithí éadroma, raftaí dóiteáin, dreidirí, craenacha snámhacha, agus soithí eile ar fofheidhm dá bpríomhfheidhm í a n-inseoltacht; duganna snámhacha, ardáin druileála nó táirgthe de chineál snámhach nó intumtha
9001 10	Snáithíní optúla, cuail agus cáblaí snáithíní optúla (seachas na cinn déanta as snáithíní i dtruaillí ar leith atá faoi cheannteideal 8544)
9002 11	Lionsaí oibiachtúla do cheamaraí, teilgeoirí nó méadaitheoirí nó laghdaitheoirí fótagrafacha

Cód AC	Tuairisc
9002 19	Lionsaí oibiachtúla (seachas do cheamaraí, teilgeoirí nó méadaitheoirí nó laghdaitheoirí fótagrafacha)
9005	Déshúiligh, leathshúiligh, teileascóip optúla eile, agus feistí díobh; ionstraimí réalteolaíochta eile agus feistí díobh (seachas ionstraimí radairéalteolaíochta agus ionstraimí nó gléasra eile a shonraítear in áit eile)
9007	Ceamaraí agus teilgeoirí cineamatagrafacha, bíodh gléasra taifeadta nó atáirgthe fuaime ina gcuid díobh nó ná bíodh (seachas trealamh físe)
9010	Gaireas agus trealamh le haghaidh saotharlanna fótagrafacha nó cineamatagrafacha, nach sonraítear in aon áit eile i gCaibidil 90; scóip chlaonchló; scáileáin teilgthe
9013	Léasair, seachas dé-óidí léasair; fearais agus uirlisí optúla eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile i gCaibidil 90
9014	Compáis treo-aimsithe; uirlisí agus fearais loingseoireachta eile (seachas trealamh loingseoireachta raidió); páirteanna díobh
9015	Suirbhéireacht, lena n-áirítear suirbhéireacht fhótaghram-mhéadrach, uirlisí agus fearais hidreagrafacha, aigéaneolaíocha, hidreolaíocha, mheitéareolaíocha nó gheoifisiceacha, (seachas compáis); raonaimsitheoirí
9016	Meánna d'íogaireacht 5 cg nó níos fearr, bíodh tromáin iontu nó ná bíodh
9017	Uirlisí líníochta, marcála nó ríomhaireachta matamaiticiúla (mar shampla, meaisíní líníochta, pantagraif, uillinntomhais, foirne líníochta, rialóirí sleamhnáin, áireamháin diosca); ionstraimí chun fad a thomhas, lena n-úsáid de láimh (slata agus téipeanna tomhais, micriméadair, cailpéir, mar shampla), nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit ar bith eile i gCaibidil 90
9024	Meaisíní agus fearais chun cruas, neart, in-chomhbhrúiteacht, leaisteachas nó saintréithe meicniúla eile ábhar a thástáil (miotail, adhmad, teicstílí, páipéar, plaistigh, mar shampla); páirteanna díobh
9025	Hidriméadair agus uirlisí comhchosúla a bhíonn ar snámh ar uisce, teirmiméadair, piriméadair, baraiméadair, taismhéadair agus sícriméadair, arb uirlisí iad is féidir nó nach féidir a úsáid le taifeadadh, agus aon mheascán de na huirlisí sin
9026	Uirlisí agus gléasra chun sreabhadh, leibhéal, brú nó athróga eile leachtanna nó gás a thomhas nó a sheiceáil (sreabhmhéadair, tomhsairí leibhéil, manaiméadair, méadair teasa, mar shampla), gan na huirlisí agus na gléasra a áireamh atá faoi cheannteidil 9014, 9015, 9028 nó 9032
9027	Ionstraimí agus gléasra le haghaidh anailís fhisiceach nó cheimiceach (mar shampla, polaraiméadair, athraonmhéadair, speictriméadair, gléasra anailíse gáis nó deataigh); uirlisí agus gléasra chun slaodacht, póiriúlacht, méadú, teannas dromchla nó a leithéidí a thomhas nó a sheiceáil; uirlisí agus gléasra chun cainníochtaí teasa, fuaime nó solais a thomhas nó a sheiceáil (lena n-áirítear nochtmhéadair); micreatóim
9028	Méadar soláthair nó táirgeachta gáis, leachta nó leictreachais, lena n-áirítear méadair chalabraithe díobh
9029	Áiritheoirí imrothluithe, áiritheoirí táirgeachta, tacsaiméadair, odaiméadair, peidiméadair agus a leithéidí (seachas méadair gháis, leachta agus leictreachais); luasmhéadair agus tacaiméadair, (seachas na cinn atá faoi cheannteidil 9014 nó 9015); stróbascóip

Cód AC	Tuairisc
9030	Ascalascóip, anailíseoirí speictrim agus ionstraimí agus gairis eile chun cainníochtaí leictreachais a thomhas nó a sheiceáil, (seachas na méadair faoi cheannteideal 9028); uirlisí agus gairis chun radaíocht ianúcháin alfa, béite, gáma, X-ghathach, chosmach nó radaíocht ianúcháin eile a thomhas nó a bhrath
9031	Uirlisí tomhais nó seiceála, fearais agus meaisíní nach sonraítear in áit ar bith eile i gCaibidil 90; teilgeoirí próifíle
9032	Uirlisí uathoibríocha agus gairis uathoibríocha rialála nó rialaithe
9033	Páirteanna agus gabhálais (nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile sa chaibidil seo) do mheaisíní, fearais, uirlisí nó gairis atá faoi Chaibidil 90
9401 10	Suíocháin aerárthaigh
9401 20	Suíocháin do mhótarfheithiclí
9403 30	Troscán adhmaid de chineál a úsáidtear in oifigí
9406	Foirgnimh réamhdhéanta
9606	Cnaipí, brúfháiscíní, smeachdhúntóirí agus brústodaí, múnlaí cnaipe agus páirteanna eile de na hearraí sin; bánáin chnaipe (seachas scoráin muinchille)
9608 91	Goba pinn agus pointí gob
9612	Ribíní clóscríobháin nó ribíní cosúla, ina bhfuil dúch nó atá ullmhaithe ar shlí eile chun brúnna a dhéanamh, bídís ar spóil nó i gcartúis nó ná bíodh; ceapa dúigh, bíodh dúch iontu nó ná bíodh, le boscaí nó gan iad
Ex 98	Gléasraí iomlána tionsclaíocha, seachas gléasraí chun bia agus deochanna, cógaisíocht, cógais agus feistí leighis a tháirgeadh’;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XIX:

‘IARSCRÍBHINN XIX

LIOSTA NA nEARRAÍ AGUS NA TEICNEOLAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1bb(2) MAIDIR LEIS AN TOIRMEASC AR IDIRTHURAS TRÍD AN mBEALARÚIS

Cód AC	Tuairisc
2710 19 21	Scaird-bhreosla, de chineál ceirisín
2710 19 29	Meánolaí agus ullmhóidí, de pheitriliam nó mianraí biotúmanacha
3811	Ullmhóidí frithchnagarnaigh, coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin ullmhaithe eile, le haghaidh olaí mianracha, lena n-áirítear gásailín, nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna le holaí mianracha

Cód AC	Tuairisc
3815 12	Catalaígh faoi thacú a bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile de mhiotal lómhar iontu mar an tsubstaint ghníomhach, nach sonraítear in áit ar bith eile
7219 21	Táirgí cothromrollta cruach dosmálta, ar leithead 600 mm nó níos mó, iad teo-rollta gan aon saoirsiú thairis sin, nach bhfuil i gcornaí, ar tiús is mó ná 10 mm
7225 40	Táirgí cothromrollta cruach cóimhiotail eile seachas cruach dhosmálta, ar leithead 600 mm nó níos mó, iad teo-rollta gan aon saoirsiú thairis sin, nach bhfuil i gcornaí (seachas táirgí atá déanta as cruach shileacan-leictreach)
7304 29	Cásáil agus feadánra, iad gan uaim, déanta as iarann nó as cruach, den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil (seachas táirgí as iarann teilgthe)
7308 90	Foirgnimh agus codanna díobh, déanta as iarann nó as cruach (seachas droichid agus páirteanna de dhroichid, túir agus crainn laitíse, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí agus a dtairseacha le haghaidh doirse, trealamh le haghaidh scafaill, nó comhlaí, nó trealamh le haghaidh maidí taca a úsáid, sin agus maidí taca i gclaiseanna)
7311 00	Coimeádáin iarainn nó chruach, le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe (seachas coimeádáin atá tógtha nó feistithe go sonrach le haghaidh cineál amháin iompair nó níos mó)
8419 50	Aonaid theasmhalartaithe
8419 89	Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta mar théamh, cócaireacht, róstadh, steiriliú, paistéaradh, gail, triomú, galú, gal a dhéanamh, comhdhlúthú nó fuarú, (seachas innealra a úsáidtear chun críocha baile agus foirnéisí, oighinn agus trealamh eile faoin cheannteideal 8514)
8419 90	Páirteanna de threalamh, innealra agus trealamh saotharlainne, bídís téite go leictreach nó ná bíodh, chun ábhair a chóireáil trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta, agus de phrapthéitheoirí nó taiscthéitheoirí uisce neamhleictreacha.
8456 30	Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a oibriú trí ábhar a bhaint, arna n-oibriú le próisis leictrea-dhíluchtúcháin
8460	Meaisín-uirlísí le haghaidh miotal nó miotail cheirmeacha a dhíbhurrú, a fhaobhrú, a líomhadh, a mhíniú, a rádalú, a shnasú nó a chríochnú ar bhealach eile trí chlocha meilte, scríobaigh nó táirgí snasta, seachas meaisíní gearrtha giair, meilte giair nó críochnaithe giair atá faoi cheannteideal 8461
8515 19	Meaisíní prásála nó sádrála (seachas iarainn sádrála agus gunnaí)
8543 30	Meaisíní agus fearas le haghaidh leictreaphlátála, leictrealaithe nó leictreafóiréise
8701 21	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí - gan ach inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú “díosal nó leathdhíosal”
8705 10	Leoraithe craenach

Cód AC	Tuairisc
8708 99	Páirteanna agus gabhálais de na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705 (tarracóirí, mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, carranna agus mótarfheithiclí eile a dearadh go príomha chun daoine a iompar, mótarfheithiclí chun earraí a iompar agus mótarfheithiclí sainchuspóireacha) nach sonraítear in áit ar bith eile
8716 39	Leantóirí agus leathleantóirí chun earraí a iompar, nach bhfuil deartha chun taisteal ar ráillí (seachas leantóirí agus leathleantóirí féinluchtaithe nó féin-díluchtaithe chun críoch talmhaíochta agus leantóirí tancaeir agus leathleantóirí tancaeir)
8716 90	Páirteanna de leantóirí agus leathleantóirí agus feithiclí eile nach den chineál innealltiomáinte iad, nach sonraítear in áit ar bith eile.
9024	Meaisíní agus fearais chun cruas, neart, in-chomhbhrúiteacht, leaisteachas nó saintréithe meicniúla eile ábhar a thástáil, e.g. miotail, adhmad, teicstílí, páipéar, nó plaistigh'.